2025/1889

19.9.2025

TREOIRLÍNE (AE) 2025/1889 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 31 Iúil 2025

lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2022/912 maidir le hUathchóras Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET) nua giniúna (BCE/2022/8) *(BCE/2025/28)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 127(2), an chéad fhleasc agus an ceathrú fleasc, de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 3.1 agus Airteagail 17, 18 agus 22 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Iúil 2024, d'fhormheas an Chomhairle Rialaithe beartas an Eurochórais maidir le rochtain soláthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc ar chórais íocaíochta arna n-oibriú ag bainc cheannais agus ar chuntais bainc ceannais. Faoin mbeartas, mar phrionsabal ginearálta, tá rochtain den sórt sin le tabhairt do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais uile is gá maidir le maolú riosca. Ar bhonn an bheartais sin, ghlac an Chomhairle Rialaithe Cinneadh (AE) 2025/222 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2025/2) ([1]) an 27 Eanáir 2025.

(2) I gcomhréir le beartas thuasluaite an Eurochórais, is féidir soláthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc a ligean isteach mar rannpháirtithe sa Uathchóras Mearaistrithe Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET) nuaghlúine ar bhonn comhchosúil, cé nach bhfuil sé coibhéiseach, le hinstitiúidí creidmheasa. Tá rochtain ar TARGET, arna iarraidh sin, teoranta d'eintitis a bhfuil nasc inléirithe acu le príomh-shainordú an Eurochórais faoi Airteagal 127(1) den Chonradh, a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar chórais íocaíochta éifeachtúla. Tá cúram an Eurochórais maidir le hoibriú rianúil córas íocaíochta a chur chun cinn de bhun Airteagal 127(2), an ceathrú fleasc, den Chonradh fite fuaite lena phríomh-shainordú ós rud é go bhfuil cur chun feidhme éifeachtach an bheartais airgeadaíochta ag brath ar chórais íocaíochta éifeachtúla. Cé go bhfuil sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, rochtain ar TARGET a dheonú, arna iarraidh sin, do na hinstitiúidí creidmheasa sin atá incháilithe le bheith ina rannpháirtithe i TARGET agus cloí leis an nós imeachta iarratais is infheidhme, ní mar sin atá i gcónaí i gcás contrapháirtithe beartais neamhairgeadaíochta amhail soláthraithe seirbhíse íocaíochta neamhbhainc. Dá bhrí sin, tá rochtain ar TARGET le deonú do sholáthraithe seirbhíse íocaíochta neamhbhainc ar bhonn lánroghnach.

(3) Chun comhchuibhiú a dhéanamh ar an gcur chuige a ghlactar ar fud an Eurochórais maidir le soláthraithe seirbhíse íocaíochta neamhbhainc a ligean isteach mar rannpháirtithe i TARGET, ba cheart lánrogha bhainc cheannais an Eurochórais diúltú d'iarraidh ó sholáthraí seirbhíse íocaíochta neamhbhainc a bheith ina rannpháirtí i TARGET a theorannú ionas nach bhféadfaidh bainc cheannais Eurochórais diúltú d'iarraidh ar rannpháirtíocht i TARGET ó sholáthraí seirbhísí íocaíochta neamhbhainc ach amháin i gcás ina mainníonn sé na ceanglais is infheidhme faoi Chinneadh (AE) 2025/222 (BCE/2025/2) agus/nó faoi Threoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/8) ([2]) a chomhlíonadh.

(4) Chun cuntas bainc ceannais a shealbhú ag soláthraí seirbhísí íocaíochta neamhbhainc, is gá na cistí is gá a chur chun oibleagáidí socraíochta a chomhlíonadh. I bhfianaise an mhéid sin, agus chun ábhair imní maidir le cobhsaíocht airgeadais agus praghsanna a mhaolú, ba cheart don Eurochóras uasteorainn sealúchais a fhorchur ar chuntais atá i seilbh soláthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc. Níor cheart go rachadh an t-iarmhéid ná na sealúchais ar chuntais den sórt sin thar a bhfuil riachtanach chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. Chun srian a chur le treocht leanúnach aníos sna méideanna sin, ba cheart do BCE athbhreithniú a dhéanamh ar an modh ríofa a chuirtear i bhfeidhm agus ar na cuntais a áirítear sa ríomh ag eatraimh shonraithe.

([1]) Cinneadh (AE) 2025/222 ón mBanc Ceannais Eorpach an 27 Eanáir 2025 maidir le rochtain ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc ar chórais íocaíochta arna n-oibriú ag bainc cheannais an Eurochórais agus ar chuntais bainc ceannais (BCE/2025/2) (IO L, 2025/222, 6.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/222/oj).

([2]) Treoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach an 24 Feabhra 2022 maidir le hUathchóras Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET) nua giniúna agus lena n-aisghairtear Treoirlíne BCE/2012/27 (BCE/2022/8) (IO L 163, 17.6.2022, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/guideline/2022/912/oj).

(5) Faoi Threoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8), féadfaidh bainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu (dá ngairtear 'BCNanna sa limistéar euro' anseo feasta) creidmheas thar oíche a sholáthar trí shaoráid ghéarchéime thiomnaithe do chontrapháirtithe lárnacha ar choinníoll gur cuireadh iarraidh faoi bhráid na Comhairle Rialaithe agus gur fhormheas an Chomhairle Rialaithe í. D'fhonn rochtain phras ar chreidmheas thar oíche a áirithiú más gá, is gá agus is iomchuí saoráid chreidmheasa thiomnaithe (dá ngairtear 'saoráid chreidmheasa contrapháirtithe lárnacha' anseo feasta) a bhunú chun go mbeidh BCNanna sa limistéar euro in ann rochtain ar shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh a dheonú do chontrapháirtithe lárnacha a chomhlíonann ceanglais áirithe gan gá formheas a iarraidh roimh ré ón gComhairle Rialaithe ar dtús. Dá bhrí sin, i gcásanna nach mbeidh creidmheas ionlae aisíoctha ag deireadh lae ag contrapháirtithe lárnacha incháilithe nach bhfuil ceadúnas baincéireachta acu nó nach bhfuil rochtain acu ar na saoráidí iasachta imeallacha, féadfaidh siad rochtain a fháil ar shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh tríd an gcreidmheas ionlae gan íoc a thar-rolladh go huathoibríoch.

(6) Le Cinneadh (AE) 2025/1734 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2025/29) ([3]) leagtar síos ceanglais a bhaineann le coimircí maidir le fóntacht airgeadais agus bainistiú riosca leachtachta fónta nach mór do CPLanna incháilithe a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is gá a áirithiú, chun rochtain a fháil ar shaoráid chreidmheasa CPL, go gcomhlíonfaidh CPLanna an limistéir euro ceanglais Chinneadh (AE) 2025/1734 (BCE/2025/29).

(7) D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais oibríochtúla a bhaineann le rochtain a fháil ar shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh, is gá na pionóis is infheidhme a shonrú i gcásanna ina mainníonn contrapháirtí lárnach creidmheas thar oíche a aisíoc. Ag an am céanna, toisc nach bhfuil oibreoirí córas comhpháirte TARGET inniúil chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht contrapháirtithe lárnacha incháilithe le ceanglais a bhaineann le coimircí maidir le fóntacht airgeadais agus bainistiú fónta riosca leachtachta, leagtar amach na forálacha a bhaineann leis na ceanglais sin, chomh maith leis na pionóis is infheidhme a bhaineann leis na coimircí, i gCinneadh (AE) 2025/1734 (BCE/2025/29). Ba cheart, áfach, cumarsáid leordhóthanach a bheith ann idir oibreoirí córas comhpháirteanna TARGET agus feidhm bhanc ceannais eisiúna bhainc cheannais an Eurochórais chun comhlíonadh phrionsabal *ne bis in idem* a áirithiú.

(8) An 11 Meitheamh 2021, chinn an Chomhairle Rialaithe go bhfuil feidhmiúlacht socraíochta trasairgeadra i seirbhís socraíochta íocaíochta meandraí TARGET (TIPS) i gcomhréir le cuspóirí straitéiseacha an Eurochórais. Dá bhrí sin, tugadh isteach saoráid thiomnaithe aistrithe creidmheasa ar a dtugtar an tsaoráid aistrithe creidmheasa 'aon chéim amháin amach' ('one-leg out', OLO) chun go bhféadfaí íocaíochtaí a sheoladh chuig córais eile nó a fháil uathu.

(9) Ón 5 Deireadh Fómhair 2025, beidh TIPS in ann oibriú ar bhonn trasairgeadra freisin, ionas gur féidir orduithe íocaíochta meandraí de thionscnamh ceann de na hairgeadraí a úsáideann ardán TIPS le haghaidh socraíochta a chreidiúnú ar chuntas atá ainmnithe in airgeadra difriúil atá ar fáil le haghaidh socraíochta ar ardán TIPS.

(10) Ní mór ailíniú a dhéanamh idir an dáta óna mbeidh feidhm ag na leasuithe a thugtar isteach leis an Treoirlíne seo agus dáta chur i bhfeidhm Chinneadh (AE) 2025/1734 (BCE/2025/29) chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú.

(11) Is gá freisin athbhreithnithe eagarthóireachta áirithe a thabhairt isteach i dTreoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8).

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Treoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIRLÍNE SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Treoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8) mar a leanas:

1. Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an pointe (18a) seo a leanas:

'(18a) "saoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh" (saoráid chreidmheasa CPL);';

([3]) Cinneadh (AE) 2025/1734 ón mBanc Ceannais Eorpach an 31 Iúil 2025 maidir le coimircí i ndáil le rochtain ag contrapháirtithe lárnacha ar chreidmheas thar oíche an Eurochórais i TARGET (BCE/2025/29) (IO L, 2025/1734, 13.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1734/oj).

(b) cuirtear isteach an pointe (26a) seo a leanas:

'(26a) "contrapháirtí lárnach incháilithe" (CPL incháilithe);';

(c) cuirtear isteach an pointe (43a) seo a leanas:

'(43a) "soláthraí seirbhísí íocaíochta neamhbhainc";';

(d) cuirtear isteach an pointe (63a) seo a leanas:

'(63a) "ordú aistrithe creidmheasa aon chéime TARGET um Shocraíocht Íocaíochta Meandraí (TIPS)" (ordú aistrithe creidmheasa TARGET OLO);';

2. in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Féadfaidh BCNanna an limistéir euro rochtain ar shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh a sholáthar do chontrapháirtithe lárnacha incháilithe, faoi na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Cuid II, Airteagal 10(5).';

3. in Airteagal 10, cuirtear isteach mír nua 8a:

'8a. Má dhéantar rochtain CPL incháilithe ar shaoráid chreidmheasa CPL a theorannú, a fhionraí nó a fhoirceannadh ar fhorais stuamachta i gcomhréir le hAirteagal 5 de Chinneadh (AE) 2025/1734 (BCE/2025/29), déanfaidh BCN ábhartha an limistéir euro, maidir le rochtain ar chreidmheas ionlae, an cinneadh sin a chur chun feidhme de bhun forálacha sna socruithe conarthacha nó rialála a chuireann BCN ábhartha an limistéir euro i bhfeidhm.';

4. in Airteagal 26, cuirtear an mhír 7 seo a leanas leis:

'7. Faoin 31 Nollaig 2025, déanfaidh BCanna an Eurochórais sealbhóirí BIC inteagmhála agus páirtithe inrochtana ar eintitis iad dá dtagraítear faoi Iarscríbhinn I, Cuid I, Airteagal 4(2), pointe (da), a bhaint dá gcuntais féin, cé is moite de pháirtithe inrochtana dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, Cuid VII, Airteagal 7.';

5. Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoirlíne seo.

6. Leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoirlíne seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur chun feidhme

1. Tiocfaidh an Treoirlíne seo i bhfeidhm an lá a thabharfar fógra ina leith do BCNanna an limistéir euro.

2. Déanfaidh BCNanna an limistéir euro na bearta is gá chun an Treoirlíne seo a chomhlíonadh agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad ón 6 Deireadh Fómhair 2025. Tabharfaidh siad fógra do BCE faoi na téacsanna agus na modhanna a bhaineann leis na bearta sin faoin 29 Lúnasa 2025, ar a dhéanaí.

Airteagal 3

Seolaithe

Dírítear an Treoirlíne seo ar gach banc ceannais Eurochórais.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 31 Iúil 2025.

Thar ceann Chomhairle Rialaithe BCE
Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8) mar a leanas:

1. Leasaítear Cuid I mar a leanas:

(a) In Airteagal 3, cuirtear an mhír (2a) seo a leanas leis:

'2a. Leis an sprioc, is féidir íocaíochtaí meandracha trasairgeadra a sheoladh chuig córais íocaíochta incháilithe idir-inoibritheacha nó a fháil uathu in airgeadraí eile a oibríonn in airgead bainc ceannais agus trí úsáid a bhaint as ardán TIPS. Is éard atá i gceist le córais íocaíochta incháilithe in airgeadraí eile na córais sin atá faoi úinéireacht agus/nó á n-oibriú ag bainc cheannais a shínigh comhaontú rannpháirtíochta airgeadra le BCanna an Eurochórais, rud a chuireann ar a gcumas úsáid a bhaintas ardán TIPS mar bhonnteicniúil chun íocaíochtaí meandracha a shocrú.';

(b) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'(2) Féadfaidh [cuir isteach ainm BC], dá rogha féin, na heintitis seo a leanas a ligean isteach mar rannpháirtithe freisin:

(a) ranna cisteáin rialtais láir nó réigiúnacha na mBallstát;

(b) comhlachtaí earnála poiblí na mBallstát atá údaraithe cuntais do chustaiméirí a shealbhú;

(c) (i) gnólachtaí infheistíochta atá bunaithe san Aontas nó in LEE, lena n-áirítear nuair a ghníomhaíonn siad trí bhrainse atá bunaithe san Aontas nó in LEE; agus

(ii) gnólachtaí infheistíochta atá bunaithe lasmuigh de LEE, ar choinníoll go ngníomhaíonn siad trí bhrainse atá bunaithe san Aontas nó in LEE;

(d) eintitis a bhainistíonn AS, agus a ghníomhaíonn sa cháil sin;

(da) soláthraithe seirbhísí íocaíochta neamhbhainc atá bunaithe san Aontas nó in LEE, lena n-áirítear nuair a ghníomhaíonn siad trí bhrainse atá bunaithe san Aontas nó in LEE;

(e) institiúidí creidmheasa nó aon cheann de na heintitis de na cineálacha a liostaítear i bpointí (a) go (da), sa dá chás ina bhfuil siad bunaithe i dtír a bhfuil comhaontú airgeadaíochta déanta ag an Aontas léi lena gceadaítear rochtain d'aon cheann de na heintitis sin ar chórais íocaíochta san Aontas faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa chomhaontú airgeadaíochta agus ar choinníoll go bhfuil an córas dlí ábhartha a bhfuil feidhm aige sa tír coibhéiseach le reachtaíocht ábhartha an Aontais.';

(c) in Airteagal 5(1), cuirtear an pointe (h) seo a leanas leis:

'(h) más eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (da), an t-iarratasóir, comhlíonadh (i) na bhforálacha ábhartha den dlí náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 35a(1) de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*); agus (ii) na nósanna imeachta a leagtar amach i bhforálacha ábhartha an dlí náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 35a(2) de Threoir (AE) 2015/2366.

_____

(*) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IOL 337, 23.12.2015, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2366/oj).';

(d) in Airteagal 5(2), cuirtear an pointe (f) seo a leanas leis:

'(f) más eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (da), é an t-iarratasóir, chun críocha Airteagal 5(1) pointe (h) a chomhlíonadh, ráiteas arna eisiúint ag an údarás inniúil náisiúnta ábhartha nó ráiteas arna shíniú go cuí mar a d'fhormheas comhlacht bainistíochta inniúil an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta neamhbhainc é, lena ndeimhnítear i gceachtar cás go gcomhlíonann an t-eintiteas sin an méid seo a leanas: (i) na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i gcórais íocaíochta ainmnithe a iarraidh, mar a leagtar amach sna forálacha ábhartha den dlí náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 35a(1) de Threoir (AE) 2015/2366; agus (ii) na nósanna imeachta a leagtar amach i bhforálacha ábhartha an dlí náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 35a(2) de Threoir (AE) 2015/2366.';

(e) in Airteagal 10, cuirtear an mhír 7 seo a leanas leis:

‘7. Déanfaidh rannpháirtí dá dtagraítear faoi Airteagal 4(2), pointe (da), ráiteas arna shíniú mar a d’fhormheas a chomhlacht bainistíochta inniúil é a chur faoi bhráid [cuir isteach ainm BC] uair sa bhliain lena ndeimhnítear comhlíontacht leanúnach an rannpháirtí leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 5(2), pointe (f), agus comhlíontacht leanúnach an rannpháirtí leis an gceanglas maidir le rialuithe slándála leordhóthanacha a chur chun feidhme chun a chórais a chosaint ar rochtain agus ar úsáid neamhúdaraithe mar a leagtar amach faoi Airteagal 20(1). beidh [cuir isteach ainm BC] i dteideal an fhaisnéis a sholáthraítear sa ráiteas sin a fhíorú agus aon doiciméadacht tacaíochta a mheasann sé le réasún a bheith riachtanach a iarraidh.’;

(f) cuirtear isteach an tAirteagal 13a seo a leanas:

‘*Airteagal 13a*

Uasmhéideanna sealúchais ar chuntais atá i seilbh rannpháirtithe dá dtagraítear faoi Airteagal 4(2), pointe (da) agus pionóis i leith iad a shárú

1. Ní rachaidh iomlán na gcistí arna sealbhú ag deireadh an lae gnó ag rannpháirtí dá dtagraítear faoi Airteagal 4(2), pointe (da), ar na cuntais go léir atá ina sheilbh le [cuir isteach ainm BC] thar uasmhéid sealúchais arna ríomh i gcomhréir leis na téarmaí a leagtar amach thíos. Ní áireofar sna cistí dá dtagraítear sa mhír seo cistí arna sealbhú ag rannpháirtí dá dtagraítear faoi Airteagal 4(2), pointe (da), ar chuntais arna sealbhú chun críocha nós imeachta socraíochta RTGS AS D nó nós imeachta socraíochta TIPS AS.

2. Ríomhfar an t-uasmhéid sealúchais dá dtagraítear i mír 1 mar a leanas:

(a) I gcás ina raibh rannpháirtí dá dtagraítear faoi Airteagal 4(2), pointe (da), i bhfeidhm ar feadh tréimhse 12 mhí roimh a chur i bhfeidhm chun cuntas a oscailt i TARGET, beidh an t-uasmhéid sealúchais dhá oiread bhuaicluach na n-orduithe aistrithe airgid socraithe amach lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, orduithe aistrithe córais coimhdeacha ach gan aistrithe leachtachta an rannpháirtí dá dtagraítear faoi Airteagal 4(2), pointe (da), a eisiamh ar aon lá gnó le linn na tréimhse 12 mhí féilire roimhe sin. Déanfaidh an rannpháirtí dá dtagraítear faoi Airteagal 4(2), pointe (da), ríomh mionsonraithe an uasmhéid sealúchais sin a áireamh ina iarratas ar [cuir isteach ainm BC] chun páirt a ghlacadh i TARGET.

(b) I gcás nach raibh rannpháirtí dá dtagraítear faoi Airteagal 4(2), pointe (da), ag feidhmiú ar feadh tréimhse 12 mhí roimh a iarratas chun cuntas a oscailt i TARGET, beidh an t-uasmhéid sealúchais cothrom le dhá oiread bhuaicluach iomlán ionchasach an rannpháirtí sin ar na horduithe aistrithe airgid amach lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, orduithe aistrithe córais coimhdeacha ach gan aistrithe leachtachta a áireamh. Déanfaidh an rannpháirtí dá dtagraítear faoi Airteagal 4(2), pointe (da), a ríomh mionsonraithe ar an uasmhéid sealbhaíochta atá beartaithe a áireamh ina iarratas ar chuntas a oscailt i TARGET.

(c) Sa tréimhse 12 mhí tar éis oscailt an chéad chuntais ghníomhaigh TARGET, déanfaidh [cuir isteach ainm BC] an t-uasmhéid sealúchais do gach rannpháirtí dá dtagraítear faoi Airteagal 4(2), pointe (da) a athríomh, gach mí le linn na chéad ráithe ag úsáid bhuaicluach iarbhír na n-orduithe aistrithe airgid socraithe amach lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, orduithe aistrithe córais choimhdigh ach gan aistrithe leachtachta a áireamh, ó osclaíodh an cuntas. Ina dhiaidh sin, déanfar an t-athríomh gach ráithe. Beidh feidhm ag an uasmhéid sealbhaíochta athríofa sin ón gcéad lá gnó eile tar éis do [cuir isteach ainm BC] fógra a thabhairt do gach rannpháirtí den sórt sin agus go dtí an chéad athríomh eile.

(d) Tar éis na chéad tréimhse 12 mhí tar éis oscailt an chéad chuntais ghníomhaigh TARGET, déanfaidh [cuir isteach ainm BC] an t-uasmhéid sealúchais a athríomh uair amháin gach bliain. Beidh an t-athríomh bunaithe ar bhuaicluach iomlán iarbhír na n-orduithe aistrithe airgid amach go léir de chuid rannpháirtí dá dtagraítear faoi Airteagal 4(2), pointe (da), lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, orduithe aistrithe córais coimhdeacha ach gan aistrithe leachtachta le linn na tréimhse 12 mhí roimhe sin i TARGET agus faisnéis arna soláthar do [cuir isteach ainm BC] i gcomhréir le pointí (a) agus (b) a áireamh.

(e) In imthosca eisceachtúla, féadfaidh [cuir isteach ainm BC], dá rogha féin, an t-uasmhéid sealúchais a athríomh ar bhonn ad hoc, i gcás athrú suntasach ar luachanna socraíochta rannpháirtí dá dtagraítear faoi Airteagal 4(2), pointe (da), atá ar tí tarlú nó atá tar éis tarlú cheana féin agus a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le neamhchomhlíonadh an uasmhéid sealúchais ábhartha. Déanfar aon athríomh den sórt sin i gcomhréir le pointe (b).

3. I gcás ina sáraíonn iomlán na gcistí ar chuntais rannpháirtí dá dtagraítear faoi Airteagal 4(2), pointe (da), an t-uasmhéid sealúchais is infheidhme, déanfaidh an rannpháirtí sin bearta láithreacha chun iomlán na gcistí atá á sealbhú a laghdú go dtí uasmhéid an tsealúchais nó níos ísle. Mura féidir laghdú den sórt sin a dhéanamh mar gheall ar íocaíocht isteach go gairid roimh dheireadh an lae gnó, déanfar an laghdú gan moill mhíchuí tar éis thús an chéad lae gnó eile.

4. I gcás inar rannpháirtí díreach é rannpháirtí dá dtagraítear faoi Airteagal 4(2), pointe (da), i gcóras íocaíochta ar córas coimhdeach é i TARGET, agus go mbraitheann sé ar nós imeachta socraíochta AS RTGS D nó nósanna imeachta socraíochta AS TIPS, tuairisceoidh an rannpháirtí sin do [cuir isteach ainm BC] ar bhonn míosúil na mbuaic-sealúchais laethúla agus an mheánsealúchais laethúla thar oíche ar chuntais theicniúla ábhartha chóras coimhdeach TARGET. Tuairisceoidh an rannpháirtí sin freisin, ar bhonn míosúil, buaicmhéideanna agus meánmhéideanna na hoibleagáide socraíochta laethúla a phróiseáiltear sa chóras coimhdeach comhfhreagrach.

5. I gcás ina mainníonn rannpháirtí dá dtagraítear faoi Airteagal 4(2), pointe (da), míreanna 1 go 3 a chomhlíonadh, forchuirfidh [cuir isteach ainm BC] pionós de réir ráta 0.03 % ar an méid iomlán de bhreis ar an uasmhéid sealbhaíochta atá i seilbh an rannpháirtí sin ar na cuntais go léir ag deireadh an lae gnó i TARGET, agus pionós laethúil breise EUR 1 000 in aghaidh gach lae neamhchomhlíonta.

6. Déanfar na cuntais dá dtagraítear i mír 1 a athbhreithniú tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis an 6 Deireadh Fómhair 2025, agus uair amháin ar a laghad gach 3 bliana ina dhiaidh sin. Déanfar athbhreithniú ar na modhanna chun an t-uasmhéid sealúchais a thuairiscítear i mír 2 a ríomh tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis an 6 Deireadh Fómhair 2025, agus uair amháin gach 3 bliana ina dhiaidh sin ar a laghad.';

(g) in Airteagal 18(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) measfar orduithe íocaíochta meandraí agus orduithe aistrithe creidmheasa TIPS OLO a bheith curtha isteach i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] agus neamh-inchúlghairthe tráth a fhorchoimeádtar na cistí ábhartha ar DCA TIPS an rannpháirtí nó ar a chuntas teicniúil TIPS AS;';

(h) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 21:

'*Airteagal 21*

Scéim chúitimh

Más rud é, mar gheall ar mhífheidhm theicniúil TARGET, nach féidir ordú aistrithe airgid a shocrú ar an lá gnó céanna ar glacadh leis, nó nárbh fhéidir é a chur isteach, tairgfidh [cuir isteach ainm BC] cúiteamh a thabhairt don rannpháirtí lena mbaineann i gcomhréir leis an nós imeachta speisialta a leagtar síos i bhFoscríbhinn II.';

(i) in Airteagal 25, cuirtear isteach na míreanna 6 agus 7 seo a leanas:

'6. Mura bhfuil neamhchomhlíonadh ábharthach le ceanglais Airteagal 13a leigheasta ag rannpháirtí dá dtagraítear faoi Airteagal 4(2), pointe (da), féadfaidh [cuir isteach ainm BC] a rannpháirtíocht i TARGET a fhoirceannadh sna himthosca a thuairiscítear faoi phointe (b) agus/nó pointe (c) de mhír 2. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh [cuir isteach ainm BC] a rannpháirtíocht i TARGET a fhoirceannadh le fógra míosa amháin agus forchuirfidh sé pionós aonuaire breise EUR 1 000 in aghaidh gach cuntais dhúnta. Chun críche na míre seo, measfar gur teagmhas de neamhchomhlíonadh ábhartha gach ceann díobh seo a leanas, i measc nithe eile:

(a) sárú córasach nó athshárú ar uasteorainn ábhartha an uasmhéid sealúchais, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do shárú lena mbaineann méid suntasach de bhreis ar uasteorainn ábhartha an uasmhéid sealúchais;

(b) mainneachtain an méid atá á shealbhú sna cuntais ábhartha a laghdú go dtí uasmhéid an tsealúchais nó níos ísle faoi dheireadh an lae gnó tar éis an lae gnó ar a bhfaightear na cistí;

(c) neamhchomhlíonadh na hoibleagáide tuairisciú a dhéanamh ar bhonn míosúil ar na buaicshealúchais laethúla agus ar na meán-sealúchais laethúla thar oíche ar chuntais theicniúla ábhartha chóras coimhdeach TARGET agus ar a bhuaicmhéid agus a mheánmhéideanna oibleagáide socraíochta laethúla arna bpróiseáil sa chóras coimhdeach comhfhreagrach.

7. Má mhainníonn rannpháirtí dá dtagraítear faoi Airteagal 4(2), pointe (da), na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 10(7) a chomhlíonadh, féadfaidh [cuir isteach ainm BC] rannpháirtíocht an rannpháirtí sin i TARGET a fhoirceannadh sna himthosca a thuairiscítear i bpointe (b) agus/nó i bpointe (c) de mhír 2. De mhaolú ar mhír 2, tabharfar fógra míosa amháin don rannpháirtí.';

2. Leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar seo a leanas: cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

Oscailt agus bainistiú MCA

1. Déanfaidh [cuir isteach ainm BC] MCA amháin ar a laghad a oscailt agus a oibriú do gach rannpháirtí, ach amháin i gcás inar AS é an rannpháirtí nach bhfuil ina chontrapháirtí lárnach incháilithe nach n-úsáideann ach nósanna imeachta socraíochta RTGS nó TIPS AS, agus sa chás sin beidh úsáid MCA faoi rogha an AS.

2. Chun oibríochtaí beartais airgeadaíochta a shocrú mar a leagtar amach in [cuir isteach tagairt don Doiciméadacht Ghinearálta], agus chun ús ó bheartas airgeadaíochta agus ó oibríochtaí eile a shocrú le [cuir isteach ainm BC], ainmneoidh an rannpháirtí MCA príomhúil a shealbhaítear le [cuir isteach ainm BC].

3. Úsáidfear an MCA príomhúil arna ainmniú i gcomhréir le mír 2 chun na gcríoch seo a leanas freisin:

(a) luach saothair mar atá leagtha amach i gCuid I, Airteagal 12, mura rud é go bhfuil rannpháirtí eile i TARGET-[cuir isteach tagairt BC/tíre] ainmnithe ag an rannpháirtí chun na críche sin;

(b) creidmheas ionlae a dheonú, i gcás inarb infheidhme;

(c) creidmheas thar oíche a dheonú do chontrapháirtithe lárnacha incháilithe trí shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh, i gcás inarb infheidhme.

4. Ní bheidh aon iarmhéid diúltach ar MCA príomha níos ísle ná an líne creidmheasa (má dheonaítear é). Ní bheidh aon iarmhéid dochair ar MCA nach MCA príomhúil é.';

(b) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Féadfaidh [cuir isteach ainm BC] rochtain ar shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh a sholáthar do chontrapháirtithe lárnacha incháilithe, laistigh de raon feidhme Airteagal 139(2), pointe (c), den Chonradh i gcomhar le hAirteagail 18 agus 42 de Reacht CEBC agus [cuir isteach forálacha náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 1(1) de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60)]. Is iad CPLanna incháilithe na contrapháirtithe lárnacha sin a dhéanann an méid seo a leanas ag gach tráth ábhartha:

(a) atá údaraithe mar chontrapháirtithe lárnacha i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais nó leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme;

(b) is eintitis incháilithe iad chun críocha mhír 2, pointe (d);

(c) atá bunaithe i limistéar an euro;

(d) rochtain a bheith acu ar chreidmheas ionlae;

(e) comhlíonfaidh siad na ceanglais a bhaineann le coimircí maidir le fóntacht airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 2 de Chinneadh (AE) 2025/1734 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2025/29) (*);

(f) comhlíonfaidh siad na ceanglais a bhaineann le coimircí maidir le bainistiú riosca leachtachta fónta i gcomhréir le hAirteagal 3 de Chinneadh (AE) 2025/1734 (BCE/2025/29).';

_____

(*) Cinneadh (AE) 2025/1734 ón mBanc Ceannais Eorpach an 31 Iúil 2025 maidir le coimircí i ndáil le rochtain ag contrapháirtithe lárnacha ar chreidmheas thar oíche an Eurochórais in TARGET (BCE/2025/29) (IO L, 2025/1734, 13.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1734/oj).';

(c) in Airteagal 10, scriostar míreanna 6 agus 7;

(d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

'*Airteagal 11*

Comhthaobhacht incháilithe le haghaidh creidmheasa

Beidh creidmheas ionlae, agus rochtain ar shaoráid chreidmheasa an chontrapháirtí lárnaigh, bunaithe ar chomhthaobhacht incháilithe. Is éard a bheidh i gcomhthaobhacht incháilithe na sócmhainní céanna atá incháilithe lena n-úsáid in oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, agus beidh sí faoi réir na rialacha céanna luachála agus rialaithe riosca agus atá leagtha síos i [cuir isteach forálacha náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme Cuid a Ceathair de Threoirlíne (AE) 2015/510 (BCE/2014/60)].';

